

Sionad ²⁰²¹ 2023



I dtreo Eaglais shionadach
comaoin | rannpháirtíocht | misean

derrydiocese.org/synod

Paidir an tSionaid

Seasaimid i Do láthairse, a Spioraid Naoimh,
agus sinn/muid ag teacht le chéile i D'ainm.

Agus Tusa amháin mar threoraí againn
socraigh Tú féin síos inár gcroíthe;
Múin dúinn an tslí a chaithfimid dul
agus conas is féidir linn leanúint di.

Táimid lag agus claonta chun peaca;
ná lig dúinn ainriail a chur chun cinn.

Ná lig don aineolas sinn/muid a chur amú,
ná don chlaonpháirtíocht ár ngníomhartha a mhúnlú.

Lig dúinn teacht Ort inár n-aontacht
chun go dtriallfaimid le chéile chun na beatha síoraí
gan dul ar strae ó bhealach na fírinne ná ón gceart.

Iarraimid é seo uile Ort,
Tusa a bhíonn ag obair de shíor agus i ngach uile áit,
i gcomaoin an Athar agus an Mhic,
trí shaol na saol.

Amen.



**DIOCESE of
DERRY**